# Athair agus páiste

1. **Léigh an comhrá seo le do pháirtnéir. Léigí uair amháin é agus ansin malartaígí róil. Ar dtús, cuir Gaeilge ar an bhfoclóir seo a leanas:**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **a.** | dinner | **c.** | cold | **e.** | hands | **g.** | dessert |
| **b.** | I'm hungry | **d.** | food | **f.** | fingers | **h.** | fridge |

| | |
|---|---|
| **Tuismitheoir:** | A Dhonncha, tar anseo. |
| **Páiste:** | Cén fáth? (Cad chuige? / Cad ina thaobh?) |
| **Tuismitheoir:** | Tar anseo, tá do dhinnéar réidh. |
| **Páiste:** | Ach níl ocras orm. |
| **Tuismitheoir:** | Tar isteach agus brostaigh ort, beidh do dhinnéar fuar. |
| **Páiste:** | Níl mé ag iarraidh ithe. Níl an bia sin go deas. |
| **Tuismitheoir:** | Ná bí dána. Sin bia maith folláin. |
| **Páiste:** | (*Ag ligean anála frustrachais*). |
| **Tuismitheoir:** | Nigh do lámha sula suífidh tú síos. |
| **Páiste:** | Cén fáth? |
| **Tuismitheoir:** | Tá siad salach, sin an fáth! |
| **Páiste:** | Ceart go leor. |
| **Tuismitheoir**: | Ná hith le do mhéara! |
| **Páiste:** | Cén fáth? |
| **Tuismitheoir:** | Ith suas go beo nó ní bheidh aon mhilseog agat. |
| **Páiste:** | Níl sé sin féaráilte, ní maith liom thú! |
| **Tuismitheoir:** | Ná bí ag caint nuair atá tú ag ithe. Dún do bhéal! |
| **Páiste:** | Féach, tá mé críochnaithe! |
| **Tuismitheoir:** | Maith an buachaill (an cailín)! |
| **Páiste:** | Cá bhfuil an mhilseog? |
| **Tuismitheoir:** | Faigh as an gcuisneoir é, maith thú! |
| **Páiste:** | Mmm, císte seacláide. Tá sin go deas. |

# Athair agus páiste
# Páistí agus an Ghaeilge

**1.** Tá go leor téarmaí grá sa Ghaeilge. Úsáidtear iad go minic nuair a bhíonn tuismitheoirí ag labhairt as Gaeilge le páistí. Léigh na téarmaí seo a leanas:

A stóirín! – Darling!

A pheata! – Pet!

A mhuirnín! – Sweetheart!

A thaisce! – My treasure!

Anois, léigh an comhrá arís agus cuir téarmaí grá isteach sa chomhrá in áiteanna oiriúnacha.

**2.** Tá taithí ag páistí in Éirinn ar orduithe agus treoracha a fháil as Gaeilge. Is í an Ghaeilge teanga neamhfhoirmiúil na scoile chomh maith. Tugann múinteoirí orduithe do pháistí i rith an lae trí Ghaeilge, fiú lasmuigh den cheacht Gaeilge. Mar shampla:

Osclaígí bhur leabhair.

Tógaigí amach bhur lóin.

Déanaigí líne.

Téigí amach.

Faighigí bhur gcótaí.

An féidir leat smaoineamh ar aon treoracha nó orduithe eile a chloisfeadh páiste ar scoil?

- ✓ Tá go leor Gaelscoileanna in Éirinn chomh maith. Is éard atá i scoil lán-Ghaeilge ná scoil a mhúineann na hábhair trí mheán na Gaeilge.
- ✓ Tá na scoileanna seo lasmuigh den Ghaeltacht.
- ✓ Tá tuairim is 40,000 dalta ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge.
- ✓ Is í an Ghaeilge teanga teagaisc na scoileanna agus an teanga chumarsáide idir na múinteoirí, na daltaí, na tuismitheoirí agus na boird bhainistíochta.

An bhfuil scoileanna mar sin i do thír féin?